# Galway to Athlone CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain

Galway to Athlone National Cycleway Scheme

# PUBLIC CONSULTATION NO. 2
# *COMHAIRLIÚCHÁIN POIBLÍ UIMH. 2*

## Route Corridor Options
## *Roghanna Conair Bhealaigh*

JANUARY / *EANÁIR* 2021



## The Galway to Athlone Cycleway is for local communities. It will:

- Support local businesses and jobs - such as local shops, cafes, pubs, cycling businesses, B&Bs, camping sites, hotels and hostels.
- Provide safe, traffic-free cycling and walking routes for everyone to enjoy.
- Provide a valuable local amenity for communities to walk or cycle.
- Deliver a quality and memorable visitor experience with great scenery and points of interest.
- Complete a circa 270km car-free corridor between Galway and Dublin, linking the Atlantic coast to the East coast.

***We would like to hear your views on the Route Corridor Options.***

## Is do phobail áitiúla an Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain. Leis sin:

- Tacófar le gnóthaí agus le poist áitiúla - mar siopaí, caiféanna, tithe tábhairne, gnóthaí rothaíochta, B&Bnna, láithreacha campála, óstáin agus brúnna áitiúla.
- Cuirfear bealaí rothaíochta agus siúlóide sábháilte, saor ó thrácht ar fáil chun go mbeidh gach duine ábalta sult a bhaint astu.
- Cuirfear taitneamhacht luachmhar áitiúil siúil agus rothair ar fáil do phobail.
- Soláthrófar taithí d'ardchaighdeán agus speisialta do chuairteoirí ina bhfuil radharc tíre iontach agus áiteanna is díol spéise.
- Tabharfar conair tuairim is 270km ar fad idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath saor ó charranna chun críche, a dhéanann nasc idir chósta an Atlantaigh agus chósta an Oirthir.

***Ba mhaith linn bhur gcuid tuairimí a fháil maidir leis na Roghanna Conair Bhealaigh.***

rps MAKING COMPLEX EASY
TII Bonneagar Iompair Éireann Transport Infrastructure Ireland
ROSCOMMON Comhairle Contae Ros Comáin Roscommon County Council
WESTMEATH COUNTY COUNCIL Comhairle Chontae na hIarmhí
Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council

Galway to Athlone
CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain






# PROJECT VISION
# *FÍS AN TIONSCADAIL*

## Part of Ireland's longest Cycleway


The Department of Transport is developing National and Regional Greenways across Ireland to enhance tourism and contribute to rural development.

The new Galway to Athlone Cycleway is a large section of the even bigger circa 270km Galway to Dublin Cycleway - Ireland's longest Cycleway to date.

The Galway to Dublin Cycleway will be a world class amenity for pedestrians, cyclists and wheelchair users to enjoy - locals and tourists alike. It will facilitate the first leg of the international EuroVelo network of long-distance cycling trails in Europe linking Galway to Moscow!

### Galway to Dublin Cycleway is being developed in phases:

- Route Corridor Options now on display for the Galway to Athlone Cycleway.
- 104km open between Athlone and Maynooth.
- 1.5km section between Whitegates and the Marina in Athlone expected to open in May 2021.
- Construction of new cycleway bridge over the Shannon, due to start in 2021.
- Two major urban sections being developed between Maynooth and Dublin City and from Ballyloughane to Galway City.




## Cuid den Rotharbhealach is faide in Éirinn

Tá Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha á bhforbairt ag an Roinn Iompair ar fud na hÉireann chun turasóireacht a fheabhsú agus chun cur le forbairt tuaithe.


Is píosa mór den Rotharbhealach níos faide de thuairim is 270km idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath - an Rotharbhealach is faide in Éirinn go dtí seo - é an Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain.

Taitneamhacht de scoth an domhain a bheidh sa Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath chun go mbainfidh coisithe, rothaithe agus daoine i gcathaoireacha rothaí sult as - muintir na háite agus turasóirí araon. Éascóidh sé an chéad chuid de líonra idirnáisiúnta EuroVelo de chonairí fadraona rothaíochta san Eoraip - ag ceangail Gaillimh le Moscó!

### Táthar ag déanamh forbairt ar an Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath i gcéimeanna:

- Tá Roghanna Conair Bhealaigh maidir leis an Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath ar taispeáint anois.
- 104km oscailte idir Baile Átha Luain agus Maigh Nuad.
- Táthar ag súil go n-osclófar an píosa 1.5km idir na Geataí Bána agus an Mhuiríne i mBaile Átha Luain faoi mhí na Bealtaine 2021.
- Táthar ag súil go gcuirfear tús le droichead rotharbhealaigh nua a thógáil trasna na Sionainne in 2021.
- Tá forbairt á déanamh ar dhá phríomhchuid uirbeacha idir Maigh Nuad agus Cathair Bhaile Átha Cliath agus idir Baile an Locháin agus Cathair na Gaillimhe.

# ROUTE CORRIDOR OPTIONS
# *ROGHANNA CONAIR BHEALAIGH*




An interactive map of Route Corridor Options is available to view in the Virtual Consultation Room at www.galwaytoathlonecycleway.com

*Is féidir féachaint ar léarscáil idirghníomhach de na Roghanna Conair Bhealaigh sa Seomra Comhairliúcháin Fíorúil ar www.galwaytoathlonecycleway.com*

## Route Corridor Option Development

Route Corridor Options have been developed to connect likely tourism and leisure attractions, and use publicly owned land where possible. The options use state owned lands such as flood defense embankments, forestry tracks, bog roads and Bord na Móna railways. In order to connect the state owned lands we have identified 'Consultation Areas' where we would like to talk to the landowners and explore possible routes.

These routes would follow existing features and farm boundaries, minimising severance.

## Talk to us

The consultation material can be viewed online in the virtual consultation room which is live on the project website from the 25th January 2021.

Interested parties will be able to talk with the project team by appointment to discuss any issues of interest to them, either by phone or by video.

If your property is within these areas or if you would like to give your opinion on the route corridor options, we would encourage you to contact us to let us know your opinion on the Cycleway.

We can be contacted through the website, where you may book an appointment to talk to the project team, or by calling the Cycleway Project Office in Ballinasloe at 091 509 267.

## Roghanna Forbartha Conair Bhealaigh

Tá na Roghanna Conair Bhealaigh á bhforbairt d'fhonn na nithe turasóireachta agus na nithe fóillíochta is dócha a bheidh ina ndíol spéise do chuairteoirí a cheangal le chéile agus chun go mbainfear leas as talamh faoi úinéireacht phoiblí nuair is féidir. Baintear leas as tailte faoi úinéireacht an stáit sna roghanna amhail claífort cosanta ar thuilte, cosáin foraoise, bóithre portaigh agus bóithre iarainn Bhord na Móna. D'fhonn nasc a dhéanamh le tailte faoi úinéireacht an Stáit tá 'Réimsí Comhairliúcháin' aitheanta againn sa chás is go dteastaíonn uainn labhairt leis na húinéirí talún agus bealaí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann a scrúdú.

Leanfadh na bealaí seo gnéithe atá ann cheana agus teorainneacha feirme chun scoilteadh a laghdú a oiread agus is féidir.

## Labhair linn

Is féidir teacht ar an ábhar faoi chomhairliúchán ar líne sa seomra comhairliúcháin fíorúil a bheidh beo ar láithreán gréasáin an tionscadail ón 25 Eanáir 2021.

Beidh páirtithe leasmhara in ann labhairt le foireann an tionscadail d'fhonn na hábhair spéise atá acu a phlé, is féidir sin a dhéanamh trí choinne ar an nguthán nó trí choinne físeáin.

Sa chás go bhfuil do mhaoin laistigh de na limistéir seo nó dá mba mhaith leat do thuairim a thabhairt faoi na roghanna conair bhealaigh, mholfaimis duit dul i dteagmháil linn chun do thuairim faoin Rotharbhealach a chur in iúl dúinn.

Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar an láithreán gréasáin, áit ar féidir leat coinne a chur in áirithint chun labhairt le foireann an tionscadail, nó trí ghlaoch a chur ar Oifig Thionscadal an Rotharbhealaigh i mBéal Átha na Sluaighe ar 091 509 267.

Galway to Athlone CYCLEWAY Gaillimh go Baile Átha Luain

# WORKING WITH YOU *AG OBAIR LEAT*



## Landowner Engagement

**A Code of Best Practice for National and Regional Greenway Projects** is being prepared in consultation with serveral farming groups. The Code sets out the process for the delivery and management of greenways and provides information on the acquisition of privately owned lands for the greenway.

We aim to route the Cycleway through publicly owned lands, and avoid working farms, wherever practicable.

However, it will be necessary to build some of the Cycleway on land that is now privately owned.

During the route corridor option selection stage, an Independent Agronomist will be available to advise farmers on the project and process.

Once a route corridor is selected, each farmer within the corridor may engage their own agronomist to advise them during the design of the Cycleway. This agronomist will be paid for by the project promoters.

We will work with the farmer and their agronomist to pick the least disruptive route possible, likely to be along the farm boundary.

We will strive to purchase land through voluntary agreement, if at all possible.

There are a number of dedicated Project Liaison Officers (PLO's) from the Local Authorities and Consultants. The PLO's will be available to meet with Landowners, when public health restrictions safely allow for meetings either on their farm or in the Project Office. In the meantime, PLO's are available to talk on the phone or by online virtual meeting.

These PLO's will be the main point of contact for the landowner, and will ensure that the farmers interests and concerns are considered in all decisions.

The goodwill and cooperation of the farming community is important to make the Cycleway a success. Real and open engagement with the landowners and community will be central to everything we do.

## Rannpháirtíocht le hÚinéirí Talún

**Tá Cód Dea-Chleachtais do Thionscadail Glasbhealaigh Náisiúnta agus Réigiúnacha** á ullmhú i gcomhpháirtíocht le roinnt grúpaí feirmeoireachta. Leagtar an próiseas ina ndéantar glasbhealach a chur ar fáil agus a bhainistiú amach sa Chód agus cuirtear eolas ar fáil ann maidir le talamh príobháideach a cheannach don ghlasbhealach.

Tá sé beartaithe againn go mbeidh an Rotharbhealach ag dul thrí thailte faoi úinéireacht phríobháideach, agus feirmeacha atá i mbun feidhmithe a sheachaint má tá sé sin indéanta.

Ach, beidh gá cuid den Rotharbhealach a thógáil ar thalamh atá anois faoi úinéireacht phríobháideach.

Beidh Agranamaí Neamhspleách ar fáil le linn chéim roghnaithe na roghanna conair bealaigh chun comhairle a chur ar fheirmeoirí maidir leis an tionscadal agus an próiseas.

Chomh luath agus atá conair bhealaigh roghnaithe, beidh gach feirmeoir laistigh den chonair sin ábalta dul i mbun rannpháirtíochta lena n-agranamaí féin chun comhairle a fháil le linn phróiseas deartha an Rotharbhealaigh. Is iad tionscnóirí an tionscadail a íocfaidh pá leis an agranamaí.

Beimid i mbun oibre leis an bhfeirmeoir agus a n-agranamaí chun an bealach is lú a chuirfidh isteach orthu agus is féidir a phiocadh, is dóigh gur le teorainn na feirme a bheidh sé seo.

Déanfaimid ár ndícheall talamh a cheannach trí chomhaontú deonach más féidir ar chor ar bith.

Tá roinnt Oifigigh Idirchaidrimh Tionscadail (PLOnna) ann ó na hÚdaráis Áitiúla agus ó Chomhairleoirí. Beidh Oifigigh Idirchaidrimh Tionscadail ar fáil le bualadh le hÚinéirí Talún nuair a cheadófar cruinnithe a thionóil go sábháilte faoi shrianta sláinte poiblí ar an bhfeirm féin nó in Oifig an Tionscadail. Idir an dá linn, tá PLOnna ar fáil le labhairt ar an nguthán nó ar líne leo trí chruinniú fíorúil.

Beidh na PLOnna seo ina bpríomhphointí teagmhála ag an úinéir talún agus cinnteoidh siad go ndéanfar leas agus imní na bhfeirmeoirí a mheas agus cinntí á ndéanamh.

Tá dea-mhéin agus comhoibriú phobal na feirmeoireachta tábhachtach chun go n-éireoidh leis an Rotharbhealach. Beidh rannpháirtíocht cheart agus oscailte le húinéirí talún lárnach i ngach a ndéanfaimid.

# STAGES OF PUBLIC CONSULTATION
# *CÉIMEANNA AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ*

Galway to Athlone CYCLEWAY Gaillimh go Baile Átha Luain

| | | | |
|---|---|---|---|
| Study Area Public Consultation | *Comhairliúchán Poiblí maidir leis an Limistéar Staidéir* | → | August / *Lúnasa* 2020 |
| **Route Corridor Options Public Consultation** | ***Comhairliúchán Poiblí maidir leis na Roghanna Conair Bhealaigh*** | → | **Jan/Feb *Eanáir/ Feabhra* 2021** |
| Preferred Route Corridor Public Consultation | *Comhairliúchán Poiblí maidir leis an gConair Bhealaigh is Fearr* | → | Mid / *Lár* 2021 |
| Preferred Route Consultations with individual landowners | *Comhairliúcháin le húinéirí talún aonair maidir leis an mBealach is fearr* | → | from Mid / *ó Lár 2021* |

**WE ARE HERE** / **IS ANSEO** (beside Route Corridor Options Public Consultation)

1. Study Area Public Consultation 1 Q3 2020
   *Limistéar Staidéir i ndáil le Srianta Comhairliúchán Pobilí 1 C3 2020*
2. **Route Corridor Options Public Consultation 2 Q1 2021**
   ***Roghanna Conair Bhealaigh Comhairliúchán Poiblí 2 C1 2021***
3. Preferred Route Corridor Public Consultation 3 Q2/3 2021
   *An Chonair Bhealaigh is Fearr ComhairliúchánPoiblí 3 C2/3 2021*
4. Preferred Route Public Consultation 4 Q4 2021
   *An Bealach is Fearr Comhairliúchán Poiblí 4 C4 2021*
5. Preliminary Design 2021 - 2022
   *An Réamhdhearadh 2021 - 2022*
6. Environmental Evaluation 2021 - 2022
   *Measúnú Timpeallachta 2021 - 2022*
7. Application to An Bord Pleanála Q1 2023
   *Iarratas chuig an mBord Pleanála C1 2023*
8. Oral Hearing Q2 2023
   *Éisteacht ó Bhéal C2 2023*
9. An Bord Pleanála Decision Q3 2023
   *Cinneadh an Bhoird Pleanála C3 2023*
10. Construction of Greenway 2024
    *An Glasbhealach a Thógáil 2024*

# QUESTIONNAIRE
# *CEISTNEOIR*

Galway to Athlone
CYCLEWAY
Gaillimh go Baile Átha Luain

## Please tell us your views / *Tabhair do chuid tuairimí dúinn*

**1.**

Name / *Ainm*

Email / *Ríomhphost*

Address / *Seoladh*

Telephone / *Uimhir Ghutháin*

Eircode / *Éirchód*

**2.**

Do you live or own property within or adjacent to one of the proposed Route Corridor Options?

*An bhfuil tú i do chónaí nó ar leat réadmhaoin laistigh nó le taobh ceann de na Roghanna Conair Bhealaigh beartaithe?*

☐ Yes *Tá / Is Liom* ☐ No *Níl / Ní Liom*

**3.**

Would you use the Cycleway?

*An mbainfeá úsáid as an Rotharbhealach?*

☐ Yes / *Tá* ☐ No / *Níl*

**4.**

Please tell us your views on the route corridor options and provide any information which you would like the project team to consider. (please use additional paper and include supporting documents / images / maps if you wish).
*Cuir do chuid tuairimí maidir leis na roghanna conair bhealaigh in iúl dúinn le do thoil agus tabhair eolas ar bith ar mhaith leat go ndéanfadh foireann an tionscadail é a mheas. (úsáid páipéar breise le do thoil agus cuir cáipéisí / íomhánna / léarscáileanna tacaíochta ar fáil más mian leat).*

**Please complete the feedback form and return by email or Freepost to:**
***Líon amach an fhoirm aiseolais agus seol ar ais ar ríomhphost nó ar an Saorphost í chuig:***

**Email/*Ríomhphost*:** info@galwaytoathlonecycleway.com

**Freepost:** Galway to Athlone Cycleway Project Office, Society Street, Ballinasloe, County Galway, Ireland, H53 T320.
***Saorphost:*** *Oifig Thionscadal an Rotharbhealaigh ó Ghaillimh go Baile Átha Luain, Sráid an Chumainn, Béal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe, Éire, H53 T320.*

☐ Please tick this box if you wish to be contacted regarding project news and updates.
*Cuir tic sa bhosca seo más mian leat go ndéanfaí teagmháil leat maidir leis an tionscadal agus an nuacht is déanaí a bhaineann leis.*

**Data Protection:** By providing my details in this feedback form, I consent to the use of my personal data in accordance with Westmeath County Council's Privacy Notice which is available at: www.westmeathcoco.ie/en/ourservices/yourcouncil/privacy/ privacynotice

***Cosaint Sonraí:*** *Trí mo chuid sonraí a thabhairt san fhoirm aiseolais seo, toilím go n-úsáidfí mo chuid sonraí pearsanta i gcomhréir le Fógra Príobháideachta Chomhairle Chontae na hIarmhí atá ar fáil arwww.westmeathcoco.ie/en/ourservices/yourcouncil/privacy/privacynotice*